C/2024/6735

4.11.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11666 – NEVEON / BRANTNER ÖSTERREICH / JV)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/6735)

1. An 25 Deireadh Fómmhair 2024 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 agus tar éis tarchur de bhun Airteagal 4(5) de de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Neveon Holding GmbH ('Neveon', an Ostair), faoi rialú Greiner AG (an Ostair), agus

— Brantner Österreich GmbH ('Brantner', an Ostair), faoi rialú Brantner Gruppe GmbH (an Ostair).

Gheobhaidh Neveon agus Brantner rialú comhpháirteach ar chomhfhiontar úrnua de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc ('an comhfhiontar').

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna i gcuideachta nuachruthaithe ar comhfhiontar í.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is soláthraí domhanda réitigh plaisteacha agus cúrphlaisteacha é Neveon atá gníomhach i go leor hearnálacha, amhail pacáistiú bia agus pacáistiú neamhbhia, tochtanna, réitigh fuaimíochta, trealamh anailíse agus saotharlainne/leighis, agus comhpháirteanna le haghaidh tionscail (e.g. troscán cumhdaithe, eitlíocht agus mótarfheithiclí), agus

— Tá Brantner Österreich gníomhach i mbainistiú dramhaíola (e.g. bailiú, cóireáil agus diúscairt dramhaíola de gach cineál), i seirbhísí lóistíochta agus i ngníomhaíochtaí eastáit réadaigh.

3. Is iad seo na gníomhaíochtaí gnó a bheidh ag an gcomhfhiontar: gléasra athchúrsála le haghaidh athchúrsáil tochtanna a bhfuil a ré caite a bhunú agus a oibriú san Ostair.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11666 – NEVEON / BRANTNER ÖSTERREICH / JV

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË